
**1.** Cá bhfuil an leithreas? — Where is the restroom?
Gabh mo leithscéal. — Excuse me.
An bhfuil a fhios agat cá bhfuil an leithreas? — Do you know where the bathroom is?
Níl a fhios agam. — I don't know.
Tá sé thall ansin. — It is over there.



**1**

| | |
|---|---|
| an leithreas | the restroom |
| leithreas na bhfear | the men's restroom |
| leithreas na mban | the women's restroom |
| ar chlé | to the left |
| ar dheis | to the right |



**2**

| | |
|---|---|
| (ag) stad an bhus | (at) the bus stop |
| (abhus) anseo | (over) here |
| (thall) ansin | (over) there |
| ina shuí ar an mbinse | sitting on the bench |
| ag fanacht leis an mbus | waiting for the bus |



**3**

| | |
|---|---|
| síos an halla | down the hall |
| ag an chéad doras | at the first door |
| ag an dara doras | at the second door |
| ag an tríú doras | at the third door |
| timpeall an chúinne | around the corner |



**4**

| | |
|---|---|
| an t-ostán | the hotel |
| an crann | the tree |
| in aice leis an ostán | next to the hotel |
| os comhair an ostáin | in front of the hotel |
| taobh thiar den ostán | behind the hotel |



**5**

| | |
|---|---|
| an seomra codlata | the bedroom |
| an staighre | the stairs |
| thuas staighre | upstairs |
| thíos staighre | downstairs |
| téigh suas staighre | go upstairs |
| téigh síos staighre | go downstairs |



**6**

| | |
|---|---|
| an t-ardaitheoir | the elevator |
| díreach ar aghaidh | straight ahead |
| taobh thiar díot | behind you |
| tar éis an staighre | after the stairs |
| roimh an staighre | before the stairs |

**2.** Téigh isteach. — Go inside.
Téigh timpeall an chúinne. — Go around the corner.
Téigh suas an staighre. — Go up the stairs.
Téigh síos an halla. — Go down the hall.
Cas ar chlé. — Turn to the left.
Lean ort ar aghaidh. — Continue on straight.
'Sé an dara doras ar dheis. — It's the second door to the right.
Tóg an chéad sráid ar chlé. — Take the first street to the left.

**3.** Cá bhfuil an leithreas i do theach? — Where is the bathroom in your house?
Cá bhfuil an chistin i do theach? — Where is the kitchen in your house?
Cad atá in aice le do theach? — What is next to your house?

| | **Mo Chlann Fhiáin 3 (cuid a dó)** | **My Wild Family 3 (part two)** |
|---|---|---|
| **1.** | Tá go leor leanaí eile sa tréad. | There are a lot of other children in the herd. |
| **2.** | Tá siad ar fad níos sine agus níos mó ná mise. | They are all older and bigger than me. |
| **3.** | Tugann siad aire dom uaireanta, le gur féidir le mam dul ag cuardach bia. | They take care of me sometimes, so that mom can go looking for food. |
| **4.** | Itheann muid go leor plandaí. | We east a lot of plants. |
| **5.** | Mar sin, caithimid bheith ag bogadh i gcónaí le fásra nua a aimsiú. | Therefore, we have to always be moving to find new vegetation. |
| **6.** | Caithfidh an tréad dul go mall, le gur féidir liom coinneáil suas leo. | The herd has to go slowly, so that I can keep up with them. |
| **7.** | Hé! Fanaigí liomsa. | Hey! Wait for me. |
| **8.** | Is breá liom folcadh a thógáil – folcadh láibe. | I like to take a bath – a mud bsth. |
| **9.** | Cosnaíonn an láib mo chraiceann ó theas na gréine – agus ó sciortáin. | The mud protects my skin from the heat of the sun – and from tickets. |
| **10.** | Tá mé ag baint an-sult as. | I’m really enjoying it. |
| **11.** | Ach anois teastaíonn cúnamh uaim liom le [mo] chur amach. | But now I need help to put me out. |
| **12.** | Nuair a théann muid go dtí an abhainn le huisce a ól, deireann mam liom a bheith cúramach. | When we go to the river to drink water, mom tells me to be careful. |
| **13.** | D’fhéadadh crogall mór a bheith ag fanacht le greim a fháil orm. | A big crocodile could be waiting to grab me. |
| **14.** | Fanfaidh mé slán sábhailte in aice le mo mhaim. | I’ll be safe and secure next to my mom. |
| **15.** | Súnn muid an t-uisce suas lenár dtruncaí, agus spraeálann muid isteach inár mbéal é lena ól. | We suck up water with our trunks and we spray it into our mouth to drink it. |
| **16.** | Tá níos mó matán agam i mo thrunc ná mar atá agatsa i do chorp ar fad. | I have more muscles in my trunk than you have in your whole body. |
| **17.** | Ach tá mé fós ag foghlaim cén chaoi é a úsáid. | But I’m still learning how to use it. |
| **18.** | Lá éicint beidh mé in ann breith ar fhréamhacha leis agus síolta a phiocadh suas. | Some day I will be able to grab onto roots and pick up seeds. |
| **19** | Ach anois, níl uaim ach uisce. | But now, I just need water. |

| | **Ceisteanna** | **Questions** |
|---|---|---|
| **1.** | An bhfuil mórán leanaí sa tréad? | Are there many children in the herd? |
| **2.** | Cé a thugann aire don eilifint óg? | Who takes care of the young elephant? |
| **3.** | Cad a dhéanann an láib don eilifint? | What does the mud do for the elifint? |
| **4.** | Cén contúirt a bhíonn san abhainn? | What danger is in the river? |
| **5.** | Cad a dhéanann an eilifint lena thrunc? | What does the elephant do with his trunk? |

| | **<u>Scéalta Slítheánta - *An Fhírinne Ghlan*</u>**<br>**<u>Brenda Parks agus Janet Stott-Thornton</u>** | **<u>The Shady Deal - *The Whole Truth*</u>**<br>**<u>Brenda Parks and Janet Stott-Thornton</u>** |
|---|---|---|
| **1.** | Tamall fada ó shin, bhí breitheamh críonna ann. | A long time ago, there was a wise judge. |
| **2.** | Bhí clú agus cáil air ar fud na tíre. | He was famous all over the country. |
| **3.** | Bhí meas air mar fhear cothrom. | He was respected as a fair man. |
| **4.** | Oíche amháin, i mbaile cóngarach do theach an bhreithimh, bhí robáil ann – goideadh seoda luachmhara. | One night, in a town close to the judge's home, there was a robbery – valuable jewels were stolen. |
| **5.** | Go gasta, thóg oifigigh an bhaile go leor daoine agus cheistigh siad iad. | Quickly, the town officials took many people and questioned them. |
| **6.** | Ach ba chuma cá mhéad ceist a chuir siad ní raibh siad ábalta teacht ar an duine a rinne an robáil. | But it didn't matter how many questions they asked, they weren't able to the person who did the robbery. |
| **7.** | Sa deireadh chuaigh siad go dtí an breitheamh críonna. | At the end, they went to the wise judge. |
| **8.** | Ní dhearna an breitheamh iarracht ar bith ceist a chur ar na daoine a thóg siad. | The judge did not make any attempt to question the people that they took. |
| **9.** | Ina áit sin dúirt sé, "Sa seanteampall ar an chnoc ard tá gang ársa. | Instead of that, he said, "In the old temple on the high hill, there is an ancient gong. |
| **10.** | Déarfaidh sé linn cé a ghoid na seoda." | It will tell us who stole the jewels." |
| **11.** | Thug siad an gang anuas ón teampall agus chroch siad sa chearnóg é. | The brought the gong down from the temple and they hung it in the square. |
| **12.** | Go mall san oíche, chuaigh an breitheamh go dtí an chearnóg. | Late in the night, the judge went to the square. |
| **13.** | Thug sé pota tine leis, las sé é agus chuir faoin ghang é. | He took a firepot with him, lit it and put it under the gong. |
| **14.** | Tháinig toit dhubh ón phota tine agus d'amharc an breitheamh go géar uirthi go dtí gur shíothlaigh an tine. | Black smoke came from the firepot and the judge watched it sharply until the fire died down. |
| **15.** | Ansin, go cúramach, chuir sé clúdach ar an ghang agus chuaigh abhaile le dul a luí. | Then, carefully, he put a cover on the gong and went home to go to sleep. |

| | **<u>Ceisteanna</u>** | **<u>Questions</u>** |
|---|---|---|
| **1.** | Cén fáth go raibh clú ar an mbreitheamh? | Why was the judge famous? |
| **2.** | Cad a goideadh? | What was stolen? |
| **3.** | Cad a tugadh anuas ón teampall? | What was brought down from the temple. |
| **4.** | Cad a tháinig amach as an bpóta? | What came out of the pot? |
| **5.** | Cad a chuir an breithamh ar an ngang? | What did the judge put on the gong? |